**Uimhir Dhoiciméid | Uimhir Athbhreithniúcháin**

# Fógra Príobháideachais RGCS Turkish Cargo

## 1. Tús Eolais ar an Rialaitheoir Sonraí

Mar rialaitheoir sonraí, tugann Türk Hava Yolları Anonim Ortaklığı (dá ngairfear "**THY**", an "**Cuideachta**" nó "**Muid**" anseo feasta) an-aire do dhlíthiúlacht phróiseáil sonraí pearsanta a chuid custaiméirí. Tá an *Fógra Príobháideachais RGCS Turkish Cargo* (an "**Fógra Príobháideachais**" seo ullmhaithe againn le cinntiú go gcomhlíonfar Rialachán Ginearálta an Aontais Eorpaigh maidir le Cosaint Sonraí ("**RGCS**")(**Rialachán (AE) 2016/679**).

Bíonn **slándáil sonraí pearsanta ár gcuid custaiméirí** i dtús áite inár gcuid oibre. Dá bhrí sin, chun cosc a chur le rochtain mhídhlíthiúil ar shonraí pearsanta nó sceitheadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear eolas pearsanta a bhaineann lenár gcuid custaiméirí slán, is go dtí comhpháirtithe gnó iontaofa amháin a aistrítear na sonraí sin agus ar leibhéal íosta, trí na bearta slándála is gá a ghlacadh i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Tá an **trédhearcacht** ar cheann de na hábhair is tábhachtaí dár gclár cosanta sonraí pearsanta. Chuige sin, tá an Fógra seo ullmhaithe againn chun gach faisnéis is gá a chur ar fáil dár gcuid custaiméirí chun ár gcuid oibleagáidí dlí a chomhlíonadh agus muid ag próiseáil sonraí pearsanta agus chun eispéireas custaiméara níos fearr a chinntiú. Tá faisnéis mhionsonraithe maidir leis na cineálacha sonraí pearsanta leagtha amach faoi cheannteideal (4) agus cuspóirí phróiseáil sonraí pearsanta leagtha amach faoi cheannteideal (5) an Fhógra Príobháideachais seo.

Ábhar eile a dtugaimid an-aire dó is ea **ceart custaiméirí smacht a bheith acu ar a gcuid sonraí pearsanta**. Cuirimid bearta i bhfeidhm chun a chinntiú go mbainistíonn ár gcuid custaiméirí a gcuid sonraí pearsanta féin agus tá ardmheas againn ar a gcuid roghanna. Tá cur síos san Fhógra Príobháideachais seo ar do chuid cearta cosanta sonraí, an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne gníomhaíochtaí próiseála sonracha a gcuireann THY Cargo i bhfeidhm san áireamh. Tá tuilleadh faisnéise faoi do chuid cearta, agus conas iad a fheidhmiú, leagtha amach sa roinn "Cad Iad Do Chuid Cearta Mar Dhuine Is Ábhar Do Na Sonraí?"

Is bunphrionsabail iad **slándáil sonraí, trédhearcacht agus cearta an duine smacht a bheith aige ar a chuid sonraí pearsanta** dúinne chun comhlíonadh an RGCS a chinntiú. Chuige sin, cuirtear faisnéis mhionsonraithe maidir le próiseáil do chuid sonraí pearsanta i láthair duitse san Fhógra seo.

## 2. Sonraí Teagmhála

Má tá imní ar bith ort faoi conas mar a phróiseálann muid do chuid sonraí, nó más mian leat diúltú do mhargaíocht dhíreach, bunaithe ar na dlíthe is infheidhme, thig leat dul i dteagmháil le:

<u>THY HQ Entity:</u>

✉ https://www.turkishairlines.com/tr-tr/bilgi-edin/musteri-iliskileri/geribildirim/

☎ +90 212 444 0 849

🖃 Türk Hava Yolları A.O. Genel Yönetim Binası, Yeşilköy Mah. Havaalanı Cad. No:3/1 34149 Iostanbúl, An Tuirc

<u>Má tá tú i do chónaí sa Ghearmáin agus ábhar imní neamhréithithe agat thig leat dul i dteagmháil lenár OCS Gearmánach:</u>

✉ https://www.turkishairlines.com/tr-tr/bilgi-edin/musteri-iliskileri/geribildirim/

☎ +49 069 955171 22/53

🖃 Turkish Airlines Inc. Hamburger Allee 4 (Westendgate) 60486 FRANKFURT/M

Má théann tú i dteagmháil linn trí ríomhphost, níl an chumarsáid criptithe.

## 3. Conas Mar A Bhailíonn Muid Do Chuid Sonraí Pearsanta

Tá ár gcuid ráiteas agus mínithe maidir le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann lenár gcuid custaiméirí agus daoine nádúrtha eile a théann i dteagmháil linn, ár gcuid fostaithe as an áireamh, i gcomhréir le forálacha an RGCS.

Coimeádann muid againn féin an ceart athruithe a chur i bhfeidhm ar an bhFógra Príobháideachais seo chun faisnéis chruinn agus cothrom le dáta a chur ar fáil faoi chleachtais agus rialacháin a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta. Ina theannta sin, cuirfear duine is ábhar do na sonraí ar an eolas trí mheán iomchuí i gcás athruithe shuntasaigh ar an bhFógra Príobháideachais.

Bailíonn ar gCuideachta do chuid sonraí pearsanta trí na gníomhaireachtaí atá údaraithe le haghaidh díolacháin earraí agus seirbhísí Turkish Cargo, oifigí díolacháin, suíomh idirlín Turkish Cargo, cuntais meán sóisialta, ríomhphost, post, teilifís ciorcaid iata, fianáin agus bealaí cumarsáide eile, i bhfoirm fuaime, i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm scríofa, de réir na gcoinníollacha mar atá sonraithe sa Dlí, do chuspóirí mar atá leagtha amach san Fhógra Príobháideachais seo.

## 4. Cén Sonraí Pearsanta A Bhailíonn Agus A Phróiseálann Muid?

D’fhéadfadh na sonraí pearsanta a phróiseáilimid bheith difriúil i gcomhréir le cineál an chaidrimh dhlithiúil atá bunaithe lenár gCuideachta. Chuige sin, is iad seo a a leanas na catagóirí sonraí pearsanta a bhailíonn ár gCuideachta trí gach bealach:

- **Sonraí Aitheantais:** ainm-sloinne, síniú, cárta aitheantais agus faisnéis phas;

- **Sonraí Teagmhála:** seoladh ríomhphoist, uimhir ghutháin gnó agus sonraí seoladh teagmhála;

- **Sonraí Próisis Chustaiméara:** Cód Comhlachas Aeriompair Idirnáisiúnta nó cód cuntais, taifid ionad glaonna, treoracha agus taifid chustaiméara, foirmeacha iarratais custaiméara agus sonraí próisis custaiméara, a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ag brath ar an gcineál seirbhíse.

- **Sonraí slándála a phróiseáil:** faisnéis faoi phasfhocail agus uimhreacha aitheantais phearsanta a chruthaíonn tusa mar pháirtí le linn duit bheith ag úsáid na dtáirgí nó na seirbhísí atá ar fáil ar na meáin digiteacha;

- **Sonraí Airgeadais:** sonraí cárta creidmheasa/dochair, sonraí cuntas bainc, sonraí Uimhir Idirnáisiúnta Cuntais Bainc, sonraí iarmhéide agus sonraí airgeadais eile;

- **Sonraí slándála timpeallachta fisiciúla:** loga isteach/amach i dtimpeallachtaí fisiciúla an Chuideachta, sonraí cuairteanna.

- **Faisnéis maidir le comhlíonadh agus nós imeachta dlíthiúil:** sonraí pearsanta sna hiarratais ar fhaisnéis agus cinntí údarás breithiúnach agus riaracháin;

- **Faisnéis iniúchóireachta agus cigireachta:** faisnéis ar gach cineál taifead agus próiseas maidir le feidhmiú na n-éileamh dlithiúil agus na gcearta s'againne a bhaineann leis an duine is ábhar do na sonraí;

- **Faisnéis mhargaíochta:** sonraí pearsanta agus meastacháin ginte de thoradh suirbhéanna, suirbhéanna sástachta, feachtais agus gníomhaíochtaí margaíochta dírí;

- **Faisnéis bhainistíochta iarratas/gearán:** faisnéis agus taifid a bailíodh maidir le hiarratais agus gearáin a rinneadh lenár gCuideachta maidir lenár gcuid earraí agus seirbhísí a bhaineann leis an duine is ábhar do na sonraí, chomh maith le faisnéis sna tuairiscí maidir le conclúd na n-iarratas/na gearán leis na haonaid ghnó ábhartha dár gcuid;

- **Sonraí fuaime agus físe**: grianghrafanna, ceamara agus taifid ghutha lárionad glaonna.

## 5. Cén Fáth Go bPróiseálann Muid Do Chuid Sonraí Pearsanta Agus Cén Bunús Dlí Atá Leis An Úsáid Seo (Cuspóir na Próiseála)?

**Próiseálann Muid do chuid sonraí pearsanta de réir an bhunúis dlí a shonraítear thíos;**

- Chun conradh a chomhlíonadh, nó chun céimeanna a ghlacadh atá nasctha le conradh atá againn leat. (De réir Alt 6/(1), Fomhír 1(b) RGCS).

- Mar is gá chun ár ngnó a dhéanamh agus ár leasanna dlisteanacha a thóraíocht (De réir Alt 6/(1), Fomhír 1(f) RGCS).

- Le haghaidh cuspóirí is gá de réir dlí (De réir Alt 6/(1), Fomhír 1(c) RGCS)(oibleagáidí dlíthiúla).

- I gcás ina dtugann tú toiliú (De réir Alt 6/(1), Fomhír 1(a) RGCS). Más amhlaidh an cás, próiseálfar sonraí pearsanta teoranta do scóp do thoiliú sainráite a tugadh faoi shaoirse. **Thig leat do thoiliú sainráite a chúlghairm ag am ar bith.**

**Próiseálann muid do chuid sonraí pearsanta do na cuspóirí seo a leanas:**

- Pleanáil agus cur i ngníomh próiseas díolacháin seirbhísí lastais.
- Feidhmiú cumarsáide maidir leis na seibhísí a chuirtear ar fáil laistigh de scóp gníomhaíochtaí lastais
- Stiúradh na seirbhísí tacaíochta iardhíola maidir leis na hEarraí/Seirbhísí
- Dul i dteagmháil lenár gcuid custaiméirí agus bainistiú caidreamh custaimeirí
- Pearsanú agus feabhas ar d'eispéireas custaiméara
- Cur ar fáil faisnéise maidir le hearraí agus seirbhísí
- Bainistiú agus conclúid ar do chuid iarratas agus gearán
- Riarachán gnóthaí maidir le héigeandálaí agus bainistiú cásanna
- Comhlíonadh ár gcuid oibleagáidí ag eascairt as reachtaíochtaí a bhaineann lenár gCuideachta agus cur ar fáil faisnéise do na húdaráis inniúla agus eagraíochtaí de réir na reachtaíochta
- Stiúradh gnóthaí airgeadais agus cuntasaíochta
- Bunú infreastruchtúr teicneolaíochtaí faisnéise agus cur i ngníomh agus iniúchóireacht próiseas agus gníomhaíochtaí slándála faisnéise
- Cosc a chur le calaois agus góchumadh
- Sonraíocht ar údarúcháin rochtana do chomhpháirtithe gnó agus soláthróirí

I roinnt cásanna (e.g. seirbhís lastais a chur in áirithe) tá cur ar fáil faisnéise éigeantach: muna gcuirtear faisnéis ábhartha ar fáil, ní bheimid in ann d'iarratas a phróiseáil. Nuair nach bhfuil sé marcáilte go bhfuil cur ar fáil faisnéise éigeantach (e.g. le haghaidh cuspóirí margaíochta dírí) tá sé roghnach.

## 6. Cé Aige, Cad Chuige, Agus Cá hÁit A nAistrímid Do Chuid Sonraí Pearsanta?

Faoi choinníollacha áirithe, d'fhéadfadh muid do chuid sonraí pearsanta a aistriú go dtí faighteoirí lonnaithe laistigh de chríocha na Tuirce nó thar lear, de réir na ndlíthe is infheidhme.

Is féidir faighteoirí a bhféadfaimis do chuid sonraí pearsanta a aistriú chucu a liostáil go catagóireach mar a leanas:

- **Ár gcuid comhpháirtithe gnó nó soláthróirí atá lonnaithe laistigh de chríocha na Tuirce nó thar lear:** Comhlachtaí slándála, soláthróirí seirbhísí oibríochtaí talún in aerfoirt, soláthróirí seirbhísí iompair do sheirbhísí láimhseála talún agus seirbhísí breise gaolmhara eile, córais imdháilte domhanda, aerlínte comhpáirtíochta, lena n-áirítear ballaerlínte an Star Alliance ach gan a bheith teoranta dóibh, a chuirfidh seirbhísí ar fáil duit le linn nasceitiltí.

- **Cuideachtaí grúpa:** Cuireann ár gcuid cleamhnaithe seirbhísí áirithe a thairgeann muid i gcrích, laistigh den chomhthéacs seo, d'fhéadfaí do chuid sonraí pearsanta a roinnt lenár gcleamhnaithe ábhartha.

- **Soláthróirí:** Roinnfear do chuid sonraí pearsanta le soláthróirí seirbhísí chomh maith, go háirithe, soláthróirí óstála suíomhanna idirlín, bogearraí, cothabhála, ionaid ghlaonna, comhlachtaí slándála, agus solathróirí seirbhísí iompair.

- **Údaráis rialtais ar nós údaráis eitlíochta nó custaim agus/nó oifigigh forfheidhmithe dlí atá údaraithe ag reachtaíocht naisiúnta nó idirnáisiúnta:** e.g. go dtí gníomhaireachtaí forfheidhmithe, comhlachtaí feidhmiúcháin nó breithiúnacha maidir le fiosrúcháin bheo etc.

- Sa chás go **ndíolfar an gnó nó comhtháthófar le gnó eile é**, d'fhéadfadh sé go nochtfaí píosaí áirithe de do chuid sonraí dár gcuid comhairleoirí agus do chomhairleoir aon cheannaitheora ionchasaigh agus go gcuirfí ar aghaidh iad go dtí úinéirí nua an ghnó.

Ní dhéanfaidh muid do chuid sonraí pearsanta a aistriú lasmuigh de LEE ach amháin má chinntíonn coimircí oiriúnacha go bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta i bhfeidhm. Go hiondúil, bímid ag brath ar na coimircí seo a leanas:

- Cinneadh leordhóthanachta Choimisiún an Aontais Eorpaigh, faoi láthair: Faighteoirí in Andóra, an Airgintín, Ceanada, Oileáin Fharó, Geansaí, Iosrael, Oileán Mhanann, an tSeapáin, Jersey, an Nua-Shéalainn, an Eilvéis, Uragua (liosta cothrom le dáta agus tuilleadh faisnéise le fáil faoi https://ec.europa.eu/info/law/law-topic/data-protection/international-dimension-data-protection/adequacy-decisions_en)

- Clásail Chonarthacha Chaighdeánacha: Faighteoirí eile (tuilleadh faisnéise le fáil faoi https://ec.europa.eu/info/law/law-topic/data-protection/international-dimension-data-protection/standard-contractual-clauses-scc_en)

- Eisceachtaí faoi Airt. 49 RGCS: Faighteoirí eile.

Is féidir tuilleadh faisnéise faoi na haistrithe seo nó cóipeanna de na bearta seo a fháil trí na sonraí teagmhála thuas.

- **Suíomhanna Idirlín Tríú Páirtí:** D'fhéadfadh naisc go dtí suíomhanna idirlín tríú páirtí, micreashuíomhanna, breiseáin agus feidhmchláir (i.e. booking.com) bheith san áireamh ar ár suíomh. Tabhair faoi deara le do thoil go bhféadfadh sé go gceadófaí do thríú páirtithe sonraí mar gheall ortsa a bhailiú nó a roinnt trí chliceáil ar na naisc sin nó trí na ceangail sin a cheadú. Níl smacht againne ar na suíomhanna idirlín tríú páirtí seo agus níl muid freagrach as a gcuid fógraí príobháideachais. Dá bhrí sin, cibé uair a mbaineann tú feidhm as na naisc nó na micreashuíomhanna seo nó nuair a fhágann tú an suíomh idirlín s'againne, léigh fógra príobháideachais an tríú páirtí le do thoil.

## 7. Cá Fhad A Choinneoidh Sibh Mo Chuid Sonraí?

Tá THY faoi réir oibleagáidí dlíthiúla faoi thréimhsí coinneála sonraí faoi dhlí na Tuirce, an dlí Eorpach, agus ag brath ar an tír a bhfuil tú ag cónaí ann nó cén dlí is infheidhme, dlíthe náisiúnta na tíre (mar shampla, SAM, an Ghearmáin, an Iodáil, an Spáinn, an Eilbhéis, etc.). Mar go bhfuil suíomhanna ag THY, mar chuideachta domhanda, i dtíortha éagsúla agus go mbíonn na dlíthe is infheidhme éagsúil dá réir, d'fhéadfadh na tréimhsí coinneála bheith éagsúil i dtíortha éagsúla.

Scriostar do chuid sonraí pearsanta a luaithe agus nach dteastaíonn siad níos mó do na cuspóirí sainithe. Mar sin féin, uaireanta is gá dúinn leanúint de bheith ag coinneáil do chuid sonraí chomh fada leis na tréimhsí coinneála agus na spriocdhátaí atá socraithe ag an reachtóir nó na húdaráis mhaoirseachta, suas le 30 bliain a d'fhéadfadh eascairt as Cód Tráchtála na Tuirce, Cód Cánach na Tuirce, agus Cód Oibleagáidí na Tuirce agus de réir aon dlíthe Eorpacha agus dlíthe náisiúnta de chuid tír AE is infheidhme. D'fhéadfadh muid do chuid sonraí a choinneáil go dtí go mbeidh na tréimhsí ama reachtúla imithe in éag (ach suas le 30 bliain i gcásanna áirithe), ar choinníoll go mbeidh sé riachtanach do bhunú, feidhmiú, nó cosaint éileamh dlíthiúil. Ina dhiaidh sin, scriostar nó cuirtear i ndíth ainm na sonraí ábhartha go gnáthúil.

I gcás ina bpróiseálann muid do chuid sonraí pearsanta le haghaidh cuspóirí margaíochta le do thoiliú, próiseálaimid na sonraí go dtí go n-iarrann tú orainn stopadh agus ar feadh gearrthréimhse ina dhiaidh sin (chun ligean dúinn do chuid iarratas a chur i bhfeidhm). Coinnímid taifead chomh maith gurb amhlaidh go bhfuil tú tar

éis iarraidh orainn gan margaíocht dhíreach a sheoladh chugat nó do chuid sonraí a phróiseáil ionas gur féidir linn déanamh de réir d'iarratas feasta.

## 8. Prionsabail A Bhaineann le Príobhaideachas Sonraí Pearsanta

Déanann ár gcuideachta de réir na bprionsabal sonraithe leis seo in gach gníomhaíocht próiseála sonraí; "dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht", "teorannú de réir cuspóra", "íoslaghdú sonraí", "cruinneas", "teorannú stórála", "sláine agus rúndacht" agus "cuntasacht".

## 9. Úsáid Fianán

Mar Turkish Airlines, bainimid úsáid as teicneolaíochtaí mar fhianáin, picteilíní, GIFanna ("Fianáin") chun d'eispéireas úsáideora a fheabhsú le linn duit bheith ag úsáid ár suíomh idirlín agus feidhmchláir. Tá úsáid na dteicneolaíochtaí seo de réir an Dlí agus rialachán gaolmhar eile a bhfuilimid faoina réir.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le fianáin, féach le do thoil Téacs Faisnéise Fianán Turk Hava Yollari Anonim Ortakligi (Turkish Airlines Incorporated Company) ag [https://www.turkishcargo.com.tr/en/privacy-policy](https://www.turkishcargo.com.tr/en/privacy-policy)

## 10. Úsáid TCI (Teilifís Ciorcaid Iata)

Nuair a thugann tú cuairt ar áitreabh ár gcuideachta, is féidir do chuid sonraí amhairc agus éisteachta a fháil trí CCTV agus ní féidir iad a chaomhnú ach ar feadh tréimhse is gá chun na críocha seo a leanas a chomhlíonadh. Le húsáid TCI, déantar aon ghníomh coiriúil nach luíonn leis an dlí agus le beartais na cuideachta a chosc agus a bhrath, slándáil áitribh chuideachta agus trealaimh atá lonnaithe san áitreabh a chothabháil, agus dea-bhail na gcuairteoirí agus na n-oibrithe a chosaint. Glacfaimid gach beart teicniúil agus riaracháin is gá maidir le slándáil do shonraí pearsanta a fhaightear trí TCI.

## 11. Cad Iad Na Cearta Atá Agat Mar Dhuine Is Ábhar Do Na Sonraí?

Faoin RGCS, tá tú i dteideal na gcearta seo a leanas (tuilleadh faisnéise ar fáil faoi https://ec.europa.eu/info/law/law-topic/data-protection/reform/rights-citizens/my-rights/what-are-my-rights_en):

- An ceart toiliú a tharraingt siar (Airt. 7 RGCS)
- An ceart rochtana (Airt. 15 RGCS)
- An ceart go ndéanfaí ceartúchán (Airt. 16 RGCS)
- An ceart go ndéanfaí léirscriosadh (Airt. 17 RGCS)

- An ceart go gcuirfí srian le próiseáil (Airt. 18 RGCS)
- An ceart chun iniomparthacht sonraí (Airt. 20 RGCS)
- An ceart chun agóid a dhéanamh (Airt. 21 RGCS)

Faoin RGCS nó dlíthe náisiúnta, d'fhéadfadh na cearta seo a bheith teoranta, mar shampla dá nochtfadh d'iarratas sonraí pearsanta faoi dhuine eile, i gcás go sáróidís cearta tríú páirtí (ár gcearta san áireamh) nó má iarrann tú orainn faisnéis a scriosadh a bhfuil ceangail orainn faoin dlí a choinneáil nó a bhfuil leasanna dlisteanacha láidre againn le coinneáil. Cuirtear díolúintí ábhartha san áireamh sa RGCS nó sna dlíthe náisiúnta is infheidhme. Cuirfimid ar an eolas tú faoi dhíolúintí ábhartha a mbímid ag brath orthu agus muid ag freagairt aon iarratais a dhéanann tú.

D'fhonn na cearta seo a fheidhmiú déan teagmháil leis na seoltaí teagmhála thuasluaite le do thoil. Sonraigh le do thoil na cearta aonair de réir Airt. 15 et seq. ba mhaith leat a fheidhmiú. Chun na críche seo seans go mbeidh orainn d'aitheantas a dhearbhú sula bhfreagróidh muid d'iarratas. Tabhair na sonraí seo a leanas le do thoil ionas go mbeidh muid in ann tú a aithint:

- Ainm
- Seoladh poist
- Seoladh ríomhphoist agus go roghnach: uimhir chustaiméara nó cód áirithinte nó uimhir thicéid

Má sheolann tú cóip de d'aitheantas chugainn, déan gach faisnéis eile a scriosadh amach seachas do chéad ainm, do shloinne agus do sheoladh. Agus cóipeanna den chárta aitheantais á seoladh agat, caithfidh sé a bheith soiléir gur cóip atá ann. Dá bhrí sin, déan nóta ar an gcóip den chomhartha aitheantais mar seo a leanas: "Cóip atá anseo"

D'fhonn a bheith in ann d'iarratas a phróiseáil, agus chun críocha aitheantais, tabhair faoi deara go n-úsáidfimid do chuid sonraí pearsanta de réir Airt. 6 para. 1 (f) den RGCS mar oibleagáid dhlíthiúil.

Má chreideann tú gur mhainnigh muid na rialacháin um chosaint sonraí a chomhlíonadh agus do shonraí pearsanta á bpróiseáil, féadfaidh tú gearán a thaisceadh leis an údarás maoirseachta inniúil de réir Airt. 77 RGCS. Is féidir an t-údarás maoirseachta inniúil a aithint de réir an liosta a chuirtear ar fáil faoi: https://edpb.europa.eu/about-edpb/board/members_en. Sa Ghearmáin, is é an t-údarás maoirseachta inniúil "Der Hessische Beauftragte für Datenschutz und Informationsfreiheit", atá le fáil faoi: https://www.bfdi.bund.de/DE/Infothek/Anschriften_Links/anschriften_links-node.html).

## 12. Cinnteoireacht agus Próifíliú Uathoibrithe Aonair

De réir fhorálacha RGCS, tá sé de cheart agat gan a bheith faoi réir aon chinnteoireachta bunaithe ar phróiseáil uathoibrithe amháin, lena n-áirítear próifíliú, a mbeadh éifeacht dhlíthiúil aici ort, nó a rachadh i bhfeidhm go mór ort. Mar sin féin, mar THY, ní dhéanaimid cinnteoireacht agus próifíliú uathoibrithe aonair.

## 13. Slándáil Sonraí

Glacann muid gach beart teicniúil agus eagrúcháin iomchuí chun do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus chun rioscaí a thagann chun cinn maidir le rochtain neamhúdaraithe, caillteanas sonraí de thaisme, scriosadh d'aon ghnó nó damáiste do shonraí pearsanta a mhaolú.

Chuige sin:

- Cinntíonn ár gCuideachta slándáil sonraí trí chórais chosanta, ballaí dóiteáin agus bogearraí agus crua-earraí eile a úsáid ina bhfuil córais um chosc ar chur isteach i gcoinne víris agus bogearraí mailíseacha eile,

- Déantar rochtain ar shonraí pearsanta laistigh dár gCuideachta i bpróiseas rialaithe de réir nádúr na sonraí agus laistigh de chreat an údaráis ar bhonn aonaid / róil / cleachtais ar bhonn riachtanais eolais go dian,

- Cinntíonn ár gCuideachta go ndéantar iniúchtaí riachtanacha chun forálacha an RGCS a chur i bhfeidhm, de réir Airteagal 32 den RGCS,

- Cinntíonn ár gCuideachta dlíthiúlacht na ngníomhaíochtaí próiseála sonraí trí bheartais agus nósanna imeachta inmheánacha,

- Cuireann ár gCuideachta bearta níos déine i bhfeidhm maidir le rochtain ar chatagóirí speisialta sonraí pearsanta,

- I gcás rochtana seachtraí ar shonraí pearsanta mar gheall ar sheirbhísí seachfhoinsithe a bheith á soláthar, cuireann ár gCuideachta oibleagáid ar an tríú páirtí ábhartha gealltanas a thabhairt forálacha an RGCS a chomhlíonadh,

- Glacann ár gCuideachta bearta riachtanacha chun gach fostaí a chur ar an eolas, go háirithe iad siúd a bhfuil rochtain acu ar shonraí pearsanta, faoina ndualgais agus a bhfreagrachtaí faoi raon feidhme an RGCS.